



21TACD2021

IDIR/

LEASAITHE

Achomharcóir

V

NA COIMISINÉIRÍ IONCAIM

Freagraí

CINNEADH

Réamhrá

1. Baineann an t-achomharc seo le héileamh ar dhíolúine de bhun s.195 den Acht Comhdhlúite Cánacha, mar a leasaíodh ('TCA 1997'), ar a dtugtar go coitianta 'Díolúine an Ealaíontóra'.
2. Is é **LEASAITHE** (ar a dtabharfar an saothar ina dhiaidh seo) an saothar a scríobh an tAchomharcóir. Chuir an tAchomharcóir isteach éileamh ar dhíolúine an ealaíontóra dar dáta an 15 Nollaig 2014 ar an mbunús gur bunsaothar cruthaitheach é an saothar, a bhfuil luach cultúrtha nó ealaíne leis, chun críche s.195 TCA 1997. Dhiúltaigh an Freagróir éileamh an Achomharcóra ar dhíolúine ar an 5 Feabhra 2015 á rá nach raibh sé in ann cinneadh a dhéanamh maidir leis an saothar. Rinne an tAchomharcóir ansin achomharc a chur isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim roimh thosach feidhme An Choimisiúin um Achomhairc Chánach (TAC) a tháinig i bhfeidhm ar an 21 Márta 2016. Aistríodh an t-achomharc mar chuid de ghrúpa cásanna iarmharacha de chuid an TAC in Eanáir 2017.
3. Tá breithniú déanta ar an gcás seo gan éisteacht, de réir fhórálacha s.949U den Acht Comhdhlúite Cánacha (TCA) 1997 agus é sin comhaontaithe ag an dá pháirtí.



Cúlra

4. Glacann an Freagraí leis gur leabhar é an saothar agus go bhfuil sé bunúil agus go bhfuil sé le háireamh leis na catagóirí saothar atá liostaithe i s.195 TCA 1997. Mar sin féin, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an saothar, ní raibh an Freagraí in ann socrú a dhéanamh chun críche díolúine dá bhforáltear i s.195 TCA 1997.

Reachtaíocht agus Treoirlínte

5. Tá an reachtaíocht ábhartha le fáil i s.195 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, a bhfuil cóip de ceangailte in Aguisín I. Agus breithniú á dhéanamh agam ar an achomharc seo, ní mór dom féachaint do 'Na Treoirlínte' atá i bhfeidhm don am i láthair faoi s.195(12), ag comhlíonadh s.195 (13) (b) TCA 1997. Ní mór go gcomhlíonfadh an saothar atá i gceist na riachtanais cheangailteacha sna treoirlínte sin, agus tá cóip díobh faoi iamh in Aguisín II.

Aighneachtaí

An tAchomharcóir

6. Chuir an tAchomharcóir aighneacht isteach go bhfuil, ar feadh a tuisceana féin, comhlíonadh déanta ar na coinníollacha cuí san Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, Alt 195 (12).
7. Rinne an tAchomharcóir aighneacht ar na nithe seo [agus rinne tagairtí do na treoirlínte (aguisín II)]:
 - a) Is seánra nua é seo [7. (2) (a) iv]
 - b) Is saothar uathúil é [7. (2) (a) iv]
 - c) Is saothar bunúil é
 - d) Is aistriúchán liteartha é seo [7. (2) (a) vi]
 - e) Is saothar é a thagann ón bpobal – ó shaol na mban go háirithe. Má tá laige sa saothar seo, is é go bhfuil sé claonta i dtreo na máthar, ach léiríonn an claoíadh seo an claoíadh atá sa tsochaí.
 - f) Is saothar cruthaitheach é a chuireann le gné chultúrtha de shaol na tíre. [7. (2) (a) v].
8. Rinne an tAchomharcóir aighneacht i dtaca le pointí 7 a), b), c) agus d) thuas, gur seánra nua uathúil é an saothar, gurb é seo an chéad uair riamh atá caint na ndaoine sna trí





mhórchanúint le fáil le hais a chéile. Rinne sí aighneacht chomh maith gurb é seo an chéad uair a bhí fuaimrian de na trí mhórchanúint curtha le hais an téacs ó na canúintí, chomh maith le haistriúcháin go Béarla.

9. Rinne an tAchomharcóir aighneacht i dtaca le pointe 7 (e) thusas go bhféadfaí an saothar a léamh mar dhialann liteartha, de réir an chur síos atá in alt 7 (2) (a) (ix) viz:

"(ix) dialanna liteartha,

a bhfuil léargas uathúil an údair ar an ábhar mar chuid díobh, a meastar gur saothar ceannródaíoch é a chuireann go suntasach leis an ábhar trí sholas nua a chaitheamh air"

10. Rinne an tAchomharcóir aighneacht i dtaca le pointe 7 f) thusas gur saothar cruthaitheach é an saothar a chuireann le gné den chultúr náisiúnta agus go bhfuil leochaileacht agus luach na tuismitheoirreachta le haithint sa saothar tríd an léiriú ann ar shaol an tuismitheora agus ar chuid de na stíleanna éagsúla a bhíonn ag tuismitheoirí. D'áitigh an tAchomharcóir ina haighneacht nach ann don chultúr gan na daoine.
11. Chuir an tAchomharcóir isteach dhá chroíluach de chuid na Comhairle Ealaíon mar thaca lena héileamh ar Dhíolúine Ealaíontóra, mar a leanas:

Comhionannas; deir an Chomhairle Ealaíon go ndéantar iarracht meas agus tacaíocht a thabhairt do gach glór agus cultúr in Éirinn an lae inniu;

Rannpháirtíocht; chun spéis an phobail a spreagadh, chun eolas, meas agus cleachtas na n-ealaíon a chur chun cinn; tacú le cálíocht a fheabhsú sna healaíona;

12. Rinne an tAchomharcóir aighneacht nach le haghaidh mac léinn a cruthaíodh an saothar, nach le haghaidh cúrsa staidéir ar bith a cruthaíodh é agus nach téacsleabhar é. Rinne sí aighneacht chomh maith gur chuir an foilsitheoir an trácht ar **LEASAITHE** ar an gclúdach mar sheift mhargaíochta, seachas mar chur síos ar an saothar de réir an údair.
13. San iarratas tosaigh a rinne sí ag iarraidh cinneadh Ioncaim a aisiompú tar éis gur diúltaíodh dá hiarratas ar Dhíolúine Ealaíontóra, chuir an t-údar an litir seo a leanas, dar dáta an 14 Iúil 2015, chuig Ioncam:

*"Is mian liom an díolúine cánach a eitíodh dom i leith an tsaothair ealaíne **LEASAITHE** a athchomhrac.*



Comhlíonann an saothar **LEASAITHE** na coinníollacha cuí a foilsíodh sna treoirlínte a dhréachtaigh an Chomhairle Ealaón agus an tAire Ealaón, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Alt 195 (12) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 le haghaidh Scéim Díolúine ó Cháin na nEalaíontóirí.

Is saothar cruthaitheach nuálach é **LEASAITHE** a shamhlaíos is a chruthíos féin. Is saothar uathúil é. Seo í an chéad uair a foilsíodh saothar den chineál seo a bhfuil trí mhórchanúint na Gaeilge leagtha amach taobh le taobh agus a bhfuil fuaimrían na dtrí -mhórchanúintí curtha ar fáil in éineacht leis. Shamhlaíos an seánra nua seo agus chuir **LEASAITHE** i gcrích go healaíonta cruthanta é. Tugtar aitheantas do chruthaitheacht tuismitheoirí trí shaibhreas agus éagúulacht na gcanúintí in **LEASAITHE**.

Is teanga Cheilteach í an Ghaeilge, ceann de theangacha na hInd-Eorpaise agus is saothar é **LEASAITHE** a mbaintear leas as i measc daoine ar fud na cruinne ar spéis leo teangacha. Déanann **LEASAITHE** éascaíocht dóibh siúd ar spéis leo na teangacha Ind- Eorpaise lánlárgas a fháil ar an réimse seo den Ind-Eorpais, gan trácht ar an éascaíocht a dheanann sé dóibh siúd a bhfuil spéis acu i gcanúintí na Gaeilge.

Maidir le haidhmeanna oideachasúla na Comhairle Oidreachta, is as aidhmeanna na ndaoine a dréachtaíodh iadsan agus tacaíonn **LEASAITHE** le heisint na n-aidhmeanna sin. Mar shampla, cothaíonn **LEASAITHE** feasacht ar an domhan timpeall orainn, ar an oidhreacht nádúrtha, ar thráthúlacht na seasúr, ar ghnuisseanna éagsúla na farraige, nithe atá i bpáirt ag daoine ar fud na hÉireann, mar go bhfuil na hábhair seo i measc na n-ábhar a fhaightear i **LEASAITHE**.

Ag leibhéal níos bunúsaí, ag túis an tsaothair, cothaíonn **LEASAITHE** féinfheasacht agus feasacht ar a dtimpeallacht i saoránaigh óga na hÉireann. Chomh maith leis sin, ag leibhéal cultúrtha, cothaíonn **LEASAITHE** feasacht ar fhéilte na hÉireann agus ar an gcaoí a cheiliúrtar iad - ar ndóigh, tacaíonn an Chomhairle Ealaón le féilte éagsula cultúrtha in áiteanna éagsula or fud na tíre. Cothíonn **LEASAITHE** feasacht ar chluichí traidisiúnta agus ar an gcaoí a n-imrítear iad freisin.

Níl dabht ar bith ach gur saothar ceannródaíoch é **LEASAITHE** ina léirítear gnéithe de dhúchas agus de chultúr na hEireann go huathúil cruthanta. Mar chruthúnas go nglactar leis go bhuiil fiúntas cultúrtha agus ealaíonta leis, agus go gcuireann sé go mór le cultúr beo na Gaeilge, cuireadh **LEASAITHE** ar ghearrliosta **LEASAITHE** sa bláthain **LEASAITHE**. "

14. Chuir an tAchomharcóir litir oscailte isteach ó Fhoras na Gaeilge chomh maith, mar a leanas:





“DON TÉ LENA MBAINEANN

Maidir le **LEASAITHE** (**LEASAITHE**)

Saothar ceannródaíoch is ea **LEASAITHE** atá dírithe ar thuismitheoirí atá ag iarraidh Gaeilge a labhairt lena gcuid páistí óga sa bhaile. Tá sé bunaithe ar chaint nádúrtha an teaghlaigh agus ar an saghas comhrá a tharlaíonn ó cheann ceann an lae. Tá an saothar rangaithe de réir topaicí cainte a bhainfeadh le tréimhsí agus le hócáidí ar leith i saol an teaghlaigh ar nós, *ar maidin, ar scoil, ócáidí speisialta, béilí etc.* agus soláthraítear ann, idir théacs agus fuaim, na frásáí agus an friotal a bhíonn ag teastáil chun comhrá a chur ar bun faoi na himeachtaí sin.

Nuair a cuireadh an saothar sea faoinár mbráid an chéad uair bhíomar an-tógha lena nuálaí a bhí an cur chuige ann, go bhfios dúinne níor tugadh faoina leithéid de shaothar a chur le chéile cheana. Rud eile a chuaigh i bhfeidhm orainn ná go raibh taighde pobail, a rinneadh in imeacht roinnt blianta le grúpa tuismitheoirí, ar chúl an tsaothair rud a threisríonn leis an mbonn teangeolaíochta atá leis an bhfoilseachán.

Gné cheannródaíoch eile a bhaineann leis an saothar is ea go ndéantar freastal ar leith ann ar thrí mhórchanúint na Gaeilge trí shruthanna téacs agus dlúthdhioscaí fuaimé ar leith a bheith ann. Déantar saibhreas dúchasach na teanga a cheangal le cúramí an teaghlaigh ar shlí nádúrtha dá réir. Cuirtear leis sin sa saothar sa tslí a nasctar gnéithe den véarsaíocht agus den cheol le daingniú an ábhair.

Níl aon amhras orm ach gur cheart **LEASAITHE** a áireamh ina shaothar uathúil cruthaitheach ar na cúiseanna sin atá luaité agam.

LEASAITHE,

Eagarthóir Sinsearach.”

15. Is é Foras na Gaeilge an comhlacht atá freagrach as an nGaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann.

An Freagraí

16. Rinne an Freagraí aighneacht go nglacann sé leis gur leabhar é an saothar a áirítear sna catagóirí saothar liostaithe i s.195 (1) TCA 1997 mar a leasaíodh.





17. Rinne an Freagraí aighneacht gur chinn sé, tar éis scrúdú a dhéanamh ar an leabhar gur saothar neamhfhicisin é.
18. Rinne an Freagraí aighneacht, go ndeir s.195(12) TCA 1997 gur féidir go n-áireofaí sna treoirlínte sonraíochtaí faoi chineálacha saothar nach bhfuil bunúil ná cruthaitheach, nó nach bhfuil luach cultúrtha ná ealaíonta aitheanta go ginearálta iontu, lena n-áirítear saothair a foilsíodh, a táirgeadh nó a díoladh chun críche áirithe. Rinne an Freagraí aighneacht go luann an t-alt chomh maith gur féidir leis na treoirlínte critéir a shonrú dá bhféadfaí tagairt a dhéanamh chun aitheantas a thabhairt do na ceisteanna maidir le cé acu an saothar bunúil cruthaitheach é saothar nó nach ea, nó a n-aithnítear iad mar shaothar ina bhfuil luach cultúrtha ná ealaíonta, nó nach n-aithnítear.
19. Rinne an Freagraí aighneacht go luaitear i s.195 (13) sa chás go ndéantar iarratas ar chinneadh ar Ioncam, nach ndéanfaidh Ioncam cinneadh i ndáil le saothar ach amháin má chomhlónann sé na treoirlínte. Baineann an fhóráil chomh maith leis na Coimisinéirí Achromhairc agus an Ard-Chúirt maidir le hachomhairc.
20. Rinne an Freagróir aighneacht go leagtar amach in Alt 7 de na treoirlínte sainchritéir is gá a chur i bhfeidhm ar leabhair neamhfhicin agus leagann amach sainchatagóirí, ar gá don saothar bheith ag teacht leo le go mbeidh sé incháilithe le haghaidh cinneadh a dhéanamh.
21. Rinne an Freagraí aighneacht gur scrúdaigh Ioncam an saothar féachaint an raibh sé laistigh d'aon cheann de na catagóirí atá liostaithe in alt 7. Ní raibh an Fregraí den tuairim go raibh an saothar laistigh d'aon cheann de na catagóirí atá luaite in ailt 7(2) (a) go (e) de na treoirlínte.
22. Chuir an Freagraí isteach cóip de litir a fuarthas mar fhreagra ar iarratas ar thráchtairreacht ón gComhairle Ealaíon, dar dáta 30 Eanáir 2015, ina luann LEASAITHE, stiúrthóir na Comhairle Ealaíon an dearcadh nach bhfuil an saothar incháilithe le haghaidh Díolúine Ealaíontóra faoi alt 7(2). Seo a leanas sliocht as an litir:

"I refer to the Revenue Commissioners' request for the Arts Council opinion regarding the eligibility of LEASAITHE for Artist's Exemption under Section 195 of the Taxes Consolidation Act 1997.

It is the Arts Council's opinion that the work submitted is ineligible for consideration for Artists' Exemption under paragraph 7(2) (a). LEASAITHE by LEASAITHE is a work of non-fiction. Specifically, the work is a guide to learning Irish phrases and does not fall under any of the categories under paragraph 7 (2) (a)."





23. Rinne an Freagraí aighneacht go bhfuil sé dodhéanta aige cinneadh a dhéanamh cé acu is cóir nó nach cóir an saothar a áireamh mar shaothar bunúil cruthaitheach, ina bhfuil luach cultúrtha nó ealaíonta, chun críche díolúine ón gcáin ioncaim dá bhforáiltear i s.195 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 ('TCA 1997').

Anailís

24. Is leabhar é saothar an Achomharcóra atá 'bunúil agus cruthaitheach' laistigh de bhrí s.195 TCA 1997 mar a leasaíodh agus na treoirlínte a eisíodh faoi sin. Tá an dá pháirtí san achomharc seo ar aon tuairim maidir leis an méid sin.
25. Admhaíonn an Freagraí go dtagann an saothar laistigh de s.195 (1) TCA 1997 mar a leasaíodh. Mar sin féin, tá an Freagraí den tuairim nach dtagann an saothar faoi alt 7(2) de na treoirlínte.
26. Chun an díolúine a shlánú, ní mór luach cultúrtha, luach ealaíonta nó an dá rud a bheith ag an saothar, mar atá leagtha amach in ailt 5 agus 6 sna treoirlínte.
27. Aithnítear go bhfuil an saothar ag teacht le halt 4 de na treoirlínte sa mhéid go n-aontaíonn an dá pháirtí gur leabhar é seo agus go bhfuil sé cruthaitheach. Mar sin féin, chun éileamh ar dhíolúine ealaíontóra a shásamh, níor mhór go mbeadh ábhar an achomhairc seo ag teacht le halt 7(1) agus ansin na critéir i bparagraf 7(2) a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i gcomhair saothar neamhfhicsin sna treoirlínte.
28. Tá an saothar ag teacht le halt 7(1) ach dar liom féin agus dar le páirtí amháin de na páirtithe san achomharc seo, níl sé incháilithe don chinneadh atáthar a lorg san achomharc seo faoi alt 7 (2) (b) mar bheathaisnéis nó mar dhírbheathaisnéis. Ní mór é a mheas, mar sin, faoi na haitl eile in 7 (2) sna Treoirlínte.
29. An tástáil shonrach atá le déanamh, mar sin, ná cé acu a thuilleann saothar an Achomharcóra teidlíocht ar Dhíolúine Ealaíontóra de réir s.195 den TCA 1997 faoi chritéar amháin nó níos mó atá leagtha amach in ailt 7 (2) (a), (c), (d) nó aon chumasc de na haitl mar a fhoráiltear in 7 (2) (e) de na treoirlínte.
30. Tá an méid seo a leanas sonraithe in alt 7 (2) (a) de na treoirlínte:



(2) Is iad na critéir:

(a) gur saothar é, i dtuairim na gCoimisinéirí Ioncaim, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Ealaíon, atá i gceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas:

(i) léirmheastóireacht na n-ealaíon,

(ii) stair na n-ealaíon,

(iii) saothar ábhar ealaíon, ar saothar é arb é a ábhar na hamharcealaíona, an amharclannaíocht, an litríocht, an ceol, an rince, an cheoldrámaíocht, an scannánaíocht, an sorcas nó an ailtireacht, nó aon chomhcheangal díobh sin,

(iv) dialanna ealaíontóirí,

(v) aistí belles-lettres,

(vi) aistriúchán litearthá,

(vii) léirmheastóireacht litearthá,

(viii) stair litearthá,

(ix) dialanna litearthá,

ina léirítear léargas uathúil an údair ar an ábhar agus a bhféachtar air mar shaothar ceannródaíoch agus a rannchuidíonn go suntasach, freisin, leis an ábhar trí sholas nua a chaitheamh air nó tríd an tuiscint air a bhfuil glacadh leis, a athrú

31. Ní féidir caitheamh leis an saothar mar shaothar incháilithe faoi aon chatagóir oibre atá leagtha amach in aon cheann de na fo-ailt (i) go (ix) de chuid Alt 7 (2) (a) sna treoirlínte. Dá réir sin, tá mé tar éis a mheas an bhféadfadh an saothar cáiliú faoi alt 7(2) (b), (c), (d) nó (e) sna treoirlínte.

32. Éilíonn Alt 7(2) (c) gur saothar é an saothar, dar leis na Coimisinéirí Ioncaim, tar éis comhairliúcháin leis an gComhairle Ealaíon, atá bainteach le feidhm nó le feidhmeanna de chuid na Comhairle Oidhreachta mar a chuirtear síos air san Acht Oidhreachta 1995. Níl aon fhianaise go ndearna an Freagraí comhairliúchán leis an gComhairle Oidhreachta i ndáil leis an saothar atá faoi achomharc. Is dócha nár mheas an Freagraí go raibh catagóir (c) ábhartha sa chéad dul síos.

33. Leagann Aguisín III amach Alt 6 den Acht Oidhreachta 1995, a bhreacann, i measc rudáile, na feidhmeanna atá ag an gComhairle Oidhreachta mar seo a leanas:





"to propose policies and priorities for the identification, protection, preservation and enhancement of the national heritage, including monuments, archaeological objects, heritage objects, architectural heritage, flora, fauna, wildlife habitats, landscapes, seascapes, wrecks, geology, heritage gardens and parks and inland waterways."
(Underscore emphasis added)... and

3) *The Council shall in particular—*

(a) promote interest, education, knowledge and pride in, and facilitate the appreciation and enjoyment of the national heritage" (Underscore emphasis added)

34. I bplean straitéiseach Chomhairle na hOidhreachta, dar teideal 'Oidhreacht i Lár Báire: Straitéis na Comhairle Oidhreachta 2018-2022', luitear a misen agus a hoidhreacht sna téarmaí seo a leanas:

Rialaíttear misen na Comhairle Oidhreachta leis an Acht Oidhreachta 1995 faoina n-éilítear ar an gComhairle beartais agus tosaíochtaí a mholadh d'fhoinn an oidhreacht náisiúnta a aithint, a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú.

Is faoin gComhairle Oidhreachta é na dualgais seo a leanas a chomhlíonadh:

- *Spéis inár n-oidhreacht náisiúnta mar aon le hoideachas agus eolas fúithi a chur chun cinn, aire a thabhairt di agus tacú le daoine taitneamh a bhaint aisti*
- *Comhoibriú le húdaráis phoiblí, le comhlachtaí oideachais agus le heagraíochtaí eile chun a cuid feidhmeanna a chur chun cinn*
- *Comhordú gach gníomhaíocht a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle a chur chun tosaigh*

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle Oidhreachta a chinntíú go ndéanfar ár n-oidhreacht a bhainistiú agus a chaomhnú ionas go saibhreofaí saol an phobail, anois agus sa todhchaí. Leanfaimid ag cur ár n-oidhreacht chun cinn mar fhoinse leasa phearsanta, pobail agus náisiúnta.

35. Ní thugtar sainmhíniú ar 'Oidhreacht Náisiúnta' san Acht Oidhreachta 1995, cé go n-áirítear leis nithe ar nós séadchomharthaí, rudaí seandálaíochta, rudaí oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flóra agus fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, báid bhriste, geolaíocht, garraithe agus páircéanna oidhreachta agus uiscebealáí intíre. Tá sé le meas fós cé acu a thagann cumasc dobhraite de chanúintí Gaeilge, le fuaimníú agus aistriúchán Bhéarla, ar nós mar atá i saothar an údair, faoin téarma 'oidhreacht náisiúnta' nó nach dtagann.



36. Tá an méid seo ráite i bplean straitéiseach na Comhairle Oidhreachta:

Is í an oidhreacht dúshraith na sibhialtachta, síol an chultúir agus cuisle sheasta Éire an lae inniu. Cuimsítear léi ní hamhán foirgnimh, séadchomharthaí agus déantán músaem ach ár dtírdhreacha sainiúla chomh maith, mar aon lenár bhfiadhúlra dúchasach agus ár gcoillearnacha, ár litríocht, béaloideas agus ceirdeanna. Tháinig siad seo anuas chugainn ó na glúine a chuaigh romhainn agus déanann siad sainmhíniú orainn mar phobal san am i láthair. Má éiríonn lenár n-iarrachtaí an oidhreacht seo a choisaint agus a léirmhíniú inniu, beifear in ann í a fhágáil le huacht ag na glúine le teacht.

Is de dhlúth agus d'inneach shochaí na hÉireann an oidhreacht, bíodh sí le braistint ar bhealach inláimhsithe nó doláimhsithe, nó ar bhonn pearsanta nó le chéile. Tá an oidhreacht inbhraite ag an leibhéal áitiúil, áit a gcuireann sí borradh faoin ngeilleagar, a dtugann sí spreagadh don nuálaíocht agus pointe fócais d'fhéilte, comhdhálacha agus do chomórthaí. Is suaitheantas féiniúlachta í sa saol nua-aimseartha a chothaíonn cómuintearas agus a thacaíonn le comhtháthú sóisialta ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Tá an oidhreacht in ann teorainneacha a thrasnú agus difríochtaí a shárú agus, ar an gcaoi sin, daoine a thabhairt le chéile trí luachanna, stair agus traidisiúin atá i bpáirt againn. Agus í ar an tsócmhainn chultúrtha is luachmhaire dá bhfuil in úinéireacht an phobail, is den riachtanas é go cosnófaí an oidhreacht, go gcothófaí agus go mbainfí tairbhe aisti ionas go leanfar lena ról tábhachtach i saol na hÉireann sa bhliain 2022 agus ina dhiaidh sin. (*Béim le folíniú curtha leis*)

37. Mar sin de, bunaithe ar an méid thus, agus i bhfianaise go ndéanfaidh an Chomhairle Oidhreachts ‘*spéis inár n-oidhreacht náisiúnta mar aon le hoideachas agus eolas fúithi a chur chun cinn, aire a thabhairt di agus tacú le daoine taitneamh a bhaint aisti, ...*’ tá mé den tuairim go bhfuil an saothar bunaithe ar chomhráite laethúla an tí agus tá istigh ann bailiúchán de na trí mhórchanúint sa Ghaeilge in Éirinn. Chomh maith leis sin is mór an chuireann saibhreas agus éagsúlacht na hoibre agus an cur chun cinn a dhéanann sé ar an nGaeilge mar theanga Cheilteach le cuspóirí na Comhairle Oidhreachta. Táim sásta gur saothar é “a bhaineann le feidhm nó le feidhmeanna na Comhairle Oidhreachta mar a chuirtear síos orthu san Acht Oidhreachta 1995” mar a éilíonn Alt 7(2)(c) sna Treoirínté.
38. Tá sonraithe in Alt 7 (2) (d) de na treoirínté critéir faoina bhféadfadh saothar neamhfhicsin tástálacha ábhartha a shásamh de réir fo-alt 12(b)(ii) d'alt 195 TCA 1997



agus déanann foráil faoi shaothar ‘*a bhaineann le hÉirinn agus a muintir, agus atá bunaithe den chuid is mó ar thaighde ó na cartlanna sin....’*

39. De ghnáth tuigtear go mbaineann ‘cartlann’ le taifead poiblí atá stairiúil. D’fhéadfáí a rá go mbaineann ábhar an tsaothair seo le canúintí stairiúla na Gaeilge atá á labhairt in Éirinn ar feadh na gcéadta blian agus mar sin d’fhéadfáí a rá go mbaineann an saothar seo le cartlanna den saghas sin. Ní thugann na Treoirlínte aon sonrú faoi shaghas áirithe cartlainne agus bhí an tuairim ag an gCoimisiún um Achomhairc Chánach cheana (17 TACD2016) nach mbaineann ciall ‘cartlanna’ sna Treoirlínte le taighde scolártha amháin sa Chartlann Náisiúnta nó sa Leabharlann Náisiúnta nó a chómhaith d’instiuíd.
40. Agus an socrú déanta cheana go gcomhlíonann an saothar an coinníoll atá leagtha amach in alt 7 (2) (c) de na treoirlínte, ní gá leagan amach a dhéanamh nó aon ábhar breise a lorg mar thaca leis an saothar na critéir a chomhlánú atá leagtha amach in alt 7 (2) (d). Mar sin féin, táim sásta go gcomhlíonann an saothar na critéir seo. De thoradh an tsocraithe sin socraím go bhfuil an saothar incháilithe faoi alt 7 (2) (e) de na treoirlínte mar chumasc d’ailt 7 (2) (c) agus (d).
41. Tar éis an méid sin a shocrú, ní mór dom a mheasanois an bhfuil na coinníollacha comhlíonta atá in ailt 7(2) (c) (ii) agus sa chuid dheireanach d’alt 7 (2) (d) mar shaothar “*a rannchuidíonn go suntasach leis an ábhar trí sholas nua a chaitheamh air nó tríd an tuiscint air a bhfuil glacadh leis, a athrú.*”
42. Táim sásta go bhfuil an saothar tar éis dearcadh uathúil an údair a thabhairt san áireamh, go rannchuidíonn sé go suntasach leis an nGaeilge agus a cuid canúintí trí sholas nua a chaitheamh ar na difríochtaí agus na hathruithe agus go n-athraíonn sé dearcadh an phobail maidir le saintréithe na teanga.
43. De réir an údair féin, “*Is saothar cruthaitheach nuálach é LEASAITHE a shamhláos is a chruthíos féin. Is saothar uathúil é. Seo í an chéad uair a foilsíodh saothar den chineál seo a bhfuil trí mhórchanúint na Gaeilge leagtha amach taobh le taobh agus a bhfuil fuaimrían na dtrí -mhórchanúintí curtha ar fáil in éineacht leis.*”.
44. Agus cinneadh á dhéanamh faoi cheist na díolúine ón gcain ioncaim sa chás seo tá mo mheas déanta agam ar shaincheisteanna i ndáil leis an tuiscint cheart ar reachtanna Ioncaim sa chinneadh ag Murphy J in *Ó Coindealbháin -v- Gannon [1986]* I.R. 154, nuair a dúirt sé: -





"The principles of legal interpretation to be applied to the construction of revenue statutes are well established. It is a general principle that to be liable to tax the citizen must come clearly within the words of the charge to tax. On the other hand, once within the scope and terms of the charge to tax, he cannot escape unless clearly within the terms of an exemption. There is no rule of law against the citizen making genuine and lawful arrangements of his affairs by which the incidence of tax on his property is lessened. In the construction of a Taxing Act the court has primary regard to the statutory words themselves and to their proper judicial construction. Particular words must be construed in their context. Taxing Acts are to be construed strictly, in the sense that one has to look merely at what was clearly said, there being no room for any intendment, but a fair and reasonable construction must be given to the language without leaning to one side or the other. Whether applying the terms of the charge or the terms of the exemption, no considerations of equity or hardship affect the construction of the Act..."

45. Agus cinneadh á dhéanamh faoi cé acu a chomhlíonann ábhar an achomhairc seo na riachtanais le haghaidh díolúine nó nach gcomhlíonann, ní mór dom féachaint don chinneadh a rinne Kennedy CJ in *Commissioners of Inland Revenue -v Doorley* [1933] 1 I.R. 750, nuair a dúirt sé: -

"The Court is not, by greater indulgence in delimiting the area of exemptions, to enlarge their operation beyond what the statute, clearly and without doubt and in express terms, excepts for some good reason from the burden of a tax thereby imposed generally on that description of subject-matter. As the imposition of, so the exemption from, the tax must be brought within the letter of the taxing Act as interpreted by the established canons of construction so far as applicable."

46. Chuir mé san áireamh freisin cás a shonraigh na Coimisinéirí Achomhairc chun na hArd-Chúirte i ndáil leis an díolúine ealaíontóra, *Coleman -v- Revenue Commissioners* [2014] IEHC 662, nuair a dúirt Donnelly, J: -

"On the basis of the decision in Doorley, the Appeal Commissioner was obliged to give effect to the clear and express terms of the legislation in considering the artist's exemption from income tax. The liability to income tax having been established, that exemption must be brought within the letter of the Act of 1997 and the Guidelines made thereunder as interpreted by the established canons of construction. There was no basis in law for adopting any other approach to the interpretation of the Act and the Statutes."





47. Tá an leabhar léite agus measta go cúramach agam agus tá mo mheas déanta agam ar na tástálacha agus na critéir don díolúine faoi gach alt de chuid 7 (2) sna treoirlínte. Is leabhar den scoth é agus tugann sé comparáid ghéarchúiseach agus aistriúchán úsáideach ar na trí mhórchanúint Ghaeilge leis an tionlacan fuaimé. Tá an cinneadh déanta agam go bhfuil an saothar incháilithe don díolúine faoi na treoirlínte don Díolúine Ealaíontóra.

Cinneadh

48. Leagtar amach sa reachtaíocht agus treoirlínte faoin díolúine ealaíontóra sraith tástálacha teicniúla dlíthiúla is gá don Achromharcóir a chomhlíonadh chun teacht ar an díolúine. San achomharc seo, tá an cinneadh déanta agam go gcomhlíonn an saothar **LEASAITHE** na tástálacha riachtanacha dlíthiúla, go háirithe alt 7(2)(c) (d) agus dá thoradh sin (e) sna Treoirlínte agus tá an cinneadh déanta agam go bhfuil an tAchromharcóir i dteideal leas a bhaint as an díolúine de bhun s.195 TCA 1997.

49. Tá an cinneadh déanta san achomharc seo de réir s.949AL TCA 1997.

**CATHAL Ó'FAOLÁIN
COIMISINÉIR ACHOMHAIRC
16 MEÁN FÓMHAIR 2020**





Aguisín I

Rinneadh foráil mar a leanas in Alt 195 de TCA 1997, mar a bhí tráth a rinneadh an t-iarratas ar dhíolúine: -

"(1) In this section...

"work" means an original and creative work which is within one of the following categories:

- (a) a book or other writing;*
- (b) a play;*
- (c) a musical composition;*
- (d) a painting or other like picture;*
- (e) a sculpture.*

(2)(a) This section shall apply to an individual –

(i) who is —

(I) resident in one or more Member States, or in another EEA state, and not resident elsewhere, or

(II) ordinarily resident and domiciled in one or more Member States, or in another EEA state, and not resident elsewhere, and

(ii) (I) who is determined by the Revenue Commissioners, after consideration of any evidence in relation to the matter which the individual submits to them and after such consultation (if any) as may seem to them to be necessary with such person or body of persons as in their opinion may be of assistance to them, to have written, composed or executed, as the case may be, either solely or jointly with another individual, a work or works generally recognised as having cultural or artistic merit, or

(II) who has written, composed or executed, as the case may be, either solely or jointly with another individual, a particular work which the Revenue Commissioners, after consideration of the work and of any evidence in relation to the matter which the individual submits to them and after such consultation (if any) as may seem to them to be necessary with such person or body of





persons as in their opinion may be of assistance to them, determine to be a work having cultural or artistic merit.

(b) The Revenue Commissioners shall not make a determination under this subsection unless

-

(i) the individual concerned duly makes a claim to the Revenue Commissioners for the determination, being (where the determination is sought under paragraph (a)(ii)(II)) a claim made after the publication, production or sale, as the case may be, of the work in relation to which the determination is sought, and

(ii) the individual complies with any request to him or her under subsection (4).

(3)(a) An individual to whom this section applies and who duly makes a claim to the Revenue Commissioners in that behalf shall, subject to paragraphs (aa) and (b), be entitled to have the profits or gains arising to him or her from the publication, production or sale, as the case may be, of a work or works in relation to which the Revenue Commissioners have made a determination under clause (I) or (II) of subsection (2)(a)(ii), or of a work of the individual in the same category as that work, and which apart from this section would be included in an assessment made on him or her under Case II of Schedule D, disregarded for the purposes of the Income Tax Acts.

(aa) The amount of the profits or gains for a year of assessment which an individual shall be entitled to have disregarded for the purposes of the Income Tax Acts by virtue of paragraph (a) shall not exceed €40,000 for the year of assessment 2011 and each subsequent year of assessment.

(b) The exemption authorised by this section shall not apply for any year of assessment before the year of assessment in which the individual concerned makes a claim under clause (I) or (II) of subsection (2)(a)(ii) in respect of which the Revenue Commissioners make a determination referred to in clause (I) or (II) of subsection (2)(a)(ii), as the case may be.

(c) The relief provided by this section may be given by repayment or otherwise.

(4)(a) Where an individual makes a claim to which subsection (2)(a)(ii)(I) relates, the Revenue Commissioners may serve on the individual a notice or notices in writing requesting the individual to furnish to them within such period as may be specified in the notice or notices such information, books, documents or other evidence as may appear to them to be necessary for the purposes of a determination under subsection (2)(a)(ii)(I).





(b) Where an individual makes a claim to which subsection (2)(a)(ii)(II) relates, the individual shall –

(i) in the case of a book or other writing or a play or musical composition, if the Revenue Commissioners so request, furnish to them 3 copies, and

(ii) in the case of a painting or other like picture or a sculpture, if the Revenue Commissioners so request, provide, or arrange for the provision of, such facilities as the Revenue Commissioners may consider necessary for the purposes of a determination under subsection (2)(a)(ii)(II) (including any requisite permissions or consents of the person who owns or possesses the painting, picture or sculpture).

(5) The Revenue Commissioners may serve on an individual who makes a claim under subsection (3) a notice or notices in writing requiring the individual to make available within such time as may be specified in the notice all such books, accounts and documents in the individual's possession or power as may be requested, being books, accounts and documents relating to the publication, production or sale, as the case may be, of the work in respect of the profits or gains of which exemption is claimed.

(6)(a) In this subsection, “relevant period” means, as respects a claim in relation to a work or works or a particular work, the period of 6 months commencing on the date on which a claim is first made in respect of that work or those works or the particular work, as the case may be.

(b) Where –

(i) an individual –

(I) has made due claim (in this subsection referred to as a “claim”) to the Revenue Commissioners for a determination under clause (I) or (II) of subsection (2)(a)(ii) in relation to a work or works or a particular work, as the case may be, that the individual has written, composed or executed, as the case may be, solely or jointly with another individual, and

(II) as respects the claim, has complied with any request made to the individual under subsection (4) or (5) in the relevant period,

and

(ii) the Revenue Commissioners fail to make a determination under clause (I) or (II) of subsection (2)(a)(ii) in relation to the claim in the relevant period, the individual may [appeal to the Appeal Commissioners, in accordance with section 949I, within the period of 30 days after the end of the relevant period] on the grounds that –





- (a) *the work or works is or are generally recognised as having cultural or artistic merit,*
- or*
- (b) *the particular work has cultural or artistic merit, as the case may be.*
- (7) *The Appeal Commissioners shall hear and determine an appeal made to them under subsection (6) as if it were an appeal against an assessment to income tax and, subject to subsection (8), the provisions of the Income Tax Acts relating to such appeals and to the rehearing of such an appeal and to the statement of a case for the opinion of the High Court on a point of law shall apply accordingly with any necessary modifications.*
- (8)(a) *On the hearing of an appeal made under subsection (6), the Appeal Commissioners may*
- (i) *after consideration of –*
- (i) *any evidence in relation to the matter submitted to them by or on behalf of the individual concerned and by or on behalf of the Revenue Commissioners, and*
- (ii) *in relation to a work or works or a particular work, the work or works or the particular work, and*
- (iii) *after such consultation (if any) as may seem to them to be necessary with such person or body of persons as in their opinion may be of assistance to them,*
- determine that the individual concerned has written, composed or executed, as the case may be, either solely or jointly with another individual –*
- (a) *a work or works generally recognised as having cultural or artistic merit, or*
- (b) *a particular work which has cultural or artistic merit,*
- and, where the Appeal Commissioners so determine, the individual shall be entitled to relief under subsection (3)(a) as if the determination had been made by the Revenue Commissioners under clause (I) or (II) of subsection (2)(a)(ii), as the case may be.*
- (9) *For the purposes of the hearing or rehearing of an appeal made under subsection (6), the Revenue Commissioners may nominate any of their officers to act on their behalf.*
- (10) *For the purposes of determining the amount of the profits or gains to be disregarded under this section for the purposes of the Income Tax Acts, the Revenue Commissioners may make such apportionment of receipts and expenses as may be necessary.*





(11) Notwithstanding any exemption provided by this section, the provisions of the Income Tax Acts regarding the making by the individual of a return of his or her total income shall apply as if the exemption had not been authorised.

(12)(a) An Comhairle Ealaíon and the Minister for Arts, Heritage, Gaeltacht and the Islands shall, with the consent of the Minister for Finance, draw up guidelines for determining for the purposes of this section whether a work within a category specified in subsection (1) is an original and creative work and whether it has, or is generally recognised as having, cultural or artistic merit.

(b) Without prejudice to the generality of paragraph (a), a guideline under that paragraph may –

(i) consist of a specification of types or kinds of works that are not original and creative or that have not, or are not generally recognised as having, cultural or artistic merit, including a specification of works that are published, produced or sold for a specified purpose, and

(ii) specify criteria by reference to which the questions whether works are original or creative and whether they have, or are generally recognised as having, cultural or artistic merit are to be determined.

(13)(a) Where a claim for a determination under subsection (2) is made to the Revenue Commissioners, the Revenue Commissioners shall not determine that the work concerned is original and creative or has, or is generally recognised as having, cultural or artistic merit unless it complies with the guidelines under subsection (12) for the time being in force.

(b) Paragraph (a) shall, with any necessary modifications, apply to –

(i) a determination by the Appeal Commissioners under subsection (8) on an appeal to them under subsection (6) in relation to a claim mentioned in paragraph (a), and

(ii) a rehearing by a judge of the Circuit Court of an appeal mentioned in subparagraph (i) and, to the extent necessary, to the determination by the High Court of any question of law arising on such an appeal or rehearing and specified in the statement of a case for the opinion of the High Court, by the Appeal Commissioners or, as the case may be, a judge of the Circuit Court.

(14) Where a determination has been or is made under clause (I) or (II) of subsection (2)(a)(ii) in relation to a work or works of a person, subsection (3)(a) shall not apply to any other work of that person that is in the same category as such work or works and is or was first





published, produced or sold on or after the 3rd day of May, 1994, unless that other work is one that complies with the guidelines under subsection (12) for the time being in force and would qualify to be determined by the Revenue Commissioners as an original or creative work and as having, or being generally recognised as having, cultural or artistic merit.

- (15) *On application to the Revenue Commissioners in that behalf by any person, the Revenue Commissioners shall supply the person free of charge with a copy of any guidelines under subsection (12) for the time being in force.*
- (16)(a) *The Revenue Commissioners may publish, or cause to be published, the name of an individual who is the subject of a determination under subsection (2).*
- (b) Publication under paragraph (a) may, as appropriate, include the title or category of the work of an individual."*





Aguisín II

Treoirlínte a dhréachtaigh an Chomhairle Ealaíon agus an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Alt 195 (2) den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 le haghaidh Scéim Díolúine ó Cháin na nEalaíontóirí.

Réamhrá

Dréachtaíodh na Treoirlínte seo faoi fhorálacha alt 195 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 chun cinneadh a dhéanamh cibé, i gcás saothar a chuimsítear laistigh de chatagóir a shonraítear i bhfo-alt (1), an saothar bunaidh agus cruthaitheach é agus cibé an bhfuil fiúntas cultúrtha nó ealaíonta leis nó an nglactar leis go bhfuil fiúntas cultúrtha nó ealaíonta leis.

Ginearálta

1. Foráiltear in Alt 195(1) go gcaithfidh "saothar" chun críocha an ailt a bheith ina shaothar bunaidh agus cruthaitheach i gceann de na catagóirí seo a leanas, mar atá:

- (a) leabhar nó mír scríbhneoireachta eile,*
- (b) dráma,*
- (c) cumadóireacht cheoil,*
- (d) pictiúr nó a chomhionann,*
- (e) dealbhóireacht.*

2. Chun díolúine a fháil faoi alt 195, ní mór do na Coimisinéirí Ioncaim a chinneadh gur saothar é atá ina shaothar bunaidh agus cruthaitheach araon agus gur saothar é a bhfuil fiúntas cultúrtha nó ealaíonta leis, nó a nglactar leis go bhfuil fiúntas cultúrtha nó ealaíonta leis.

3. Agus an cinneadh sin faoi alt 195 á dhéanamh, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, faoi mar a fhoráiltear san alt sin, dul i gcomhairle le duine nó daoine a d'fhéadfadh, ina dtuairim siúd, a bheith ina gcabhair dóibh.

Saothar Bunaidh agus Cruthaitheach

4. Ní mheasfar saothar a bheith ina shaothar bunaidh agus cruthaitheach ach amháin más saothar uathúil de cháilíocht chruthaitheach é a cruthaíodh le samhlaíocht an chruthaitheora.





Fiúntas Cultúrtha

5. Ní mheasfar fiúntas cultúrtha a bheith ag saothar ach amháin má chuireann sé, de bharr cáilíocht a fhoirme agus/nó a ábhair, go suntasach le gné amháin nó níos mó den chultúr náisiúnta nó idirnáisiúnta.

Fiúntas Ealaíonta

6. Ní mheasfar fiúntas ealaíonta a bheith ag saothar ach amháin má chuireann sé, de bharr cáilíocht a fhoirme agus/nó a ábhair, go suntasach le canón na saothar sa chatagóir ábhartha.

Critéir le haghaidh Saothair Neamhfhicsin

7. (1) Sonraítear sa pharagraf seo critéir, de réir fo-alt (12)(b)(ii) d'alt 195, dá dtagraítear le cinneadh cibé an saothar bunaidh agus cruthaitheach é saothar atá ina leabhar neamhfhicsin nó ina mhír scríbhneoireacht eile neamhfhicsin, agus cibé an bhfuil fiúntas cultúrtha nó ealaíonta leis, nó an nglactar leis go bhfuil fiúntas cultúrtha nó ealaíonta leis.

(2) Is iad na critéir:

(a) gur saothar é, i dtuairim na gCoimisinéirí Ioncaim, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Ealaíon, atá i gceann amháin nó níos mó de na catagóirí seo a leanas:

(i) léirmheatóireacht na n-ealaíon,

(ii) stair na n-ealaíon,

(iii) saothar ábhar ealaíon, ar saothar é arb é a ábhar na hamharcealaíona, an amharclannaiocht, an litríocht, an ceol, an rince, an cheoldrámaíocht, an scannánaíocht, an sorcas nó an ailtireacht, nó aon chomhcheangal díobh sin,

(iv) dialanna ealaíontóirí,

(v) aistí belles-lettres,

(vi) aistriúchán litearthá,

(vii) léirmheatóireacht litearthá,

(viii) stair litearthá,

(ix) dialanna litearthá,





ina léirítear léargas uathúil an údair ar an ábhar agus a bhféachtar air mar shaothar ceannródaíoch agus a rannchuidíonn go suntasach, freisin, leis an ábhar trí sholas nua a chaitheamh air nó tríd an tuiscint air a bhfuil glacadh leis, a athrú,

nó

(b) gur saothar é, i dtuairim na gCoimisinéirí Ioncaim, atá i gceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

(i) beatheaisnéis,

(ii) dírbheathaisnéis,

ina léirítear léargas uathúil an údair ar an ábhar agus a bhféachtar air mar shaothar ceannródaíoch agus a rannchuidíonn go suntasach, freisin, leis an ábhar trí sholas nua a chaitheamh ar an duine nó tríd an tuiscint ar an duine, a bhfuil glacadh leis, a athrú,

nó

(c) gur saothar é, i dtuairim na gCoimisinéirí Ioncaim, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Oidhreachta,

(i) a bhfuil baint aige le feidhm nó le feidhmeanna na Comhairle Oidhreachta faoi mar a chuirtear síos uirthi/orthu san Acht Oidhreachta 1995, agus

(ii) ina léirítear léargas uathúil an údair ar an ábhar agus a bhféachtar air mar shaothar ceannródaíoch agus a rannchuidíonn go suntasach, freisin, leis an ábhar trí sholas nua a chaitheamh air nó tríd an tuiscint air a bhfuil glacadh leis, a athrú,

nó

(d) gur saothar é, i dtuairim na gCoimisinéirí Ioncaim, a bhaineann le cartlanna atá 30 bliain d'aois ar a laghad agus a bhaineann le hÉirinn agus a muintir, agus atá bunaithe, den chuid is mó, ar thaighde ó na cartlanna sin, agus a léirítear ann léargas uathúil an údair ar an ábhar, agus a bhféachtar air mar shaothar ceannródaíoch a rannchuidíonn go suntasach leis an ábhar trí sholas nua a chaitheamh air nó tríd an tuiscint air a bhfuil glacadh leis, a athrú,

nó

(e) aon chomhcheangal d'(a), (b), (c) nó (d) thuas.

Cineálacha Saothair atá Eisiata ó Scéim Díolúine ó Cháin na nEalaíontóirí.





8. D'ainneoin rud ar bith eile sna Treoirlínte, i gcás an tsaothair –

(a) ní saothar bunaidh agus cruthaitheach a bheidh ann, agus

(b) ní bheidh fiúntas cultúrtha nó ealaíonta leis nó ní ghlacfar leis go bhfuil fiúntas cultúrtha nó ealaíonta leis

más amhlaidh, i dtuairim na gCoimisinéirí Ioncaim, tar éis, más cuí, dul i gcomhairle leis an gComhairle Ealaíon, gur saothar é d'aon chineál nó de chomhcheangal de na cineálacha a shonraítear i bhfo-ailt (i) go (vi) thíos –

(i) leabhar nó scríbhneoireacht eile a foilsíodh go príomha ar mhaithe le, nó a úsáideann nó a úsáidfidh-

(I) mic léinn atá i mbun cúrsa staidéir, nó

(II) daoine atá i mbun ceirde, gnó, gairme nó brainse foghlama mar chúnamh le cleachtas trádála nó cleachtas atá bainteach le gnó, nó le cleachtas gairmiúil, nó cleachtas eile i ndáil le ceird, gnó, gairm, nó brainse foghlama,

(ii) aon saothar iriseoireachta, a foilsíodh i nuachtán, irisleabhar, iris, nó i meán comhchosúil nó a foilsíodh ar an idirlón nó ar aon mheán comhchosúil,

(iii) aon saothar scríbhneoireachta, amhairc nó ceoil, nó saothar comhchosúil, a cruthaíodh chun críocha fógraíochta nó poiblíochta,

(iv) aon chóiriú, oiriúnú nó leagan de chumadóireacht cheoil, nó saothar comhchosúil, nach leor a thábhacht ceoil le go dtabharfaí cumadóireacht bhunaidh air,

(v) cineálacha saothar grianghrafnach, líníochta, péintéireachta nó saothar comhchosúil, ar saothair thaifid iad, go príomha, nó ar feidhm fhónthaíoch a chomhlíonann siad go príomha, nó a cruthaíodh go príomha chun críocha fógraíochta, poiblíochta, faisnéise, maisiúcháin nó chun críocha comhchosúla,

(vi) cineálacha saothair dhealbhóireachta ar feidhm fhónthaíoch atá leo go príomha.





Aguisín III

Heritage Act 1995

6.—(1) The functions of the Council shall be to propose policies and priorities for the identification, protection, preservation and enhancement of the national heritage, including monuments, archaeological objects, heritage objects, architectural heritage, flora, fauna, wildlife habitats, landscapes, seascapes, wrecks, geology, heritage gardens and parks and inland waterways.

(2) References to the National Monuments Advisory Council, the Historic Monuments Council or the Wildlife Advisory Council in any enactment or instrument made thereunder shall, where appropriate, be construed as references to the Council.

(3) The Council shall in particular—

(a) promote interest, education, knowledge and pride in, and facilitate the appreciation and enjoyment of the national heritage,

(b) co-operate with public authorities, educational bodies and other organisations and persons in the promotion of the functions of the Council,

(c) promote the coordination of all activities relating to the functions of the Council.

